



**Comhairle Contae Mhaigh Eo**  
**MAYO COUNTY COUNCIL**



**Ráiteas Airgeadais Bliantúil 2021**  
**Iniúchta**

**Ráiteas Airgeadais Bliantúil Don Bhliain Airgeadais dár críoch an 31ú La  
Nollaig 2021**

**K. Kelly,**  
**Príomhfheidhmeannach**

# CLÁR ÁBHAR INIÚCHTA

	<b>Leathanach</b>
Athbhreithniú Airgeadais	2 (i - ix)
Deimhniú Príomhfheidhmeannach / Ceann Airgeadais	3
Tuairim Iniúchta	4
Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta	5
 <b>Cuntais Airgeadais</b>	
Ráiteas Ar Ioncam Cuimsitheach (Ráiteas Cuntais Ar Ioncam & Caiteachais)	8
Ráiteas Ar Sheasamh Airgeadais (Clár Comhardaithe)	9
Ráiteas Faoi Shreabhadh Cistí (Cistí Ráiteas Faoi Shreabhadh )	10
Nótaí faoi agus mar chuid de na Cuntais	11-21
 <b>Aguisíní</b>	
1 Anailís ar Chaiteachas	22
2 Caiteachas agus Ioncam de réir Rannáin	23-26
3 Anailís ar Ioncam ó Dheontais agus Fóirdheontais	27
4 Anailís ar Ioncam ó Earraí agus Seirbhísí	28
5 Achoimre ar Chaiteachas agus Ioncam Caipitiúil	29
6 Caiteachas Caipitil agus Ioncam de réir Rannáin	30
7 Ollbhailiúcháin Ioncaim	31
8 Ús i gCuideachtaí Údaráis Áitiúil	32
9 Achoimre ar Cháin Mhaoine Áitiúil Leithdháilte	33



## ***Athbhreithniú Airgeadais***

### ***Ráiteas Airgeadais Bliantúil don Bhliain dar críoch 31 Nollaig 2021***

Tuairiscítear sa *Ráiteas Airgeadais Bliantúil (RAB)* don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2021 an t-ioncam agus an caiteachas ar sholáthar seirbhísí don bhliain airgeadais chomh maith le luach sócmhainní agus dliteanas na Comhairle ag deireadh na bliana airgeadais. Ullmhaíodh an RAB i gcomhréir leis an gCód Cleachtais Cuntasaíochta (ACOP) agus leis na Rialacháin Chuntasaíochta do na hÚdaráis Áitiúla agus le treoir an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta.

Is iad seo a leanas na príomhráitis airgeadais atá mar chuid den RAB:

- An *Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta*
- An *Ráiteas Ar Ioncam Cuimsitheach*
- An *Clár Comhardaithe*
- An *Ráiteas Faoi Shreabhadh Cistí*
- *Nótaí faoi agus mar chuid den *Ráiteas Airgeadais**

***An *Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta**** - déantar cur síos sna beartais seo na prionsabail, na forais, na nósanna, na rialacha agus na cleachtais a chuir an Chomhairle i bhfeidhm lena sonraítear an chaoi a léireofar impleachtaí na n-idirbheartaíochta sna ráitis airgeadais. Ní raibh aon athrú suntasach ar bheartais chuntasaíochta na Comhairle le linn na bliana.

***An *Ráiteas Ar Ioncam Cuimsitheach**** - léirítear ann an fíorchostas cuntasaíochta eacnamaíochta atá le seirbhísí a sholáthar ó lá go lá sa bhliain i gcomhréir leis na prionsabail chuntasaíochta a nglactar go coitianta leo.

***An *Clár Comhardaithe**** - léirítear luach na sócmhainní agus na ndlíteanas ann arna n-aithint ag an gComhairle amhail ar an 31 Nollaig.

***An *Ráiteas Faoi Shreabhadh Cistí**** - léirítear ann an chaoi a ngeineann agus a n-úsáideann an Chomhairle airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim trí shreabha airgid thirim a rangú mar Ioncam, Caipiteal, Gníomhaíochtaí Cistithe agus Sealúchais Tríú Páirtí.

***Nótaí faoi agus mar chuid den *Ráiteas Airgeadais**** - tugtar míniú sna nótaí ar chuid de na príomh-mhíreanna agus na príomhnochtuithe sna ráitis.

Déanann an tIniúchóir Rialtais Áitiúil ó Sheirbhís Iniúchóireachta an Rialtais Áitiúil iniúchadh seachtrach ar an *Ráiteas Airgeadais Bliantúil*, arb é a chuspóir tuairim neamhspleách a chruthú faoi na cuntais, cirte an Ráitis Airgeadais Bliantúil a dheimhniú agus Tuarascáil Iniúchóireachta a chur faoi bhráid Chomhaltaí na Comhairle. Scaipfear cóip de Thuarascáil an Iniúcháir ar gach Comhalta na Comhairle nuair a gheofar í, i gcomhréir leis an ngnáthchleachtas.

## **Torthaí Achoimre**

Is é seo a leanas an tIoncam agus an Caiteachas Iomlán don bhliain i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin:

<b><u>Ioncam</u></b>		
	<b>2021</b>	<b>2020</b>
	<b>€</b>	<b>€</b>
<i>Ioncam</i>	184,544,182	198,977,739
<i>Caipiteal</i>	130,392,574	85,092,997
<b><i>Iomlán</i></b>	<b>314,936,756</b>	<b>284,070,736</b>

<b><u>Caiteachas</u></b>		
	<b>2021</b>	<b>2020</b>
	<b>€</b>	<b>€</b>
<i>Ioncam</i>	184,359,829	198,783,857
<i>Caipiteal</i>	126,545,945	80,407,909
<b><i>Iomlán</i></b>	<b>310,905,774</b>	<b>279,191,766</b>

Tugann an leibhéal seo caiteachais le fios méid na seirbhíse atá á soláthar go leanúnach ó lá go lá, forbairt bhonneagrach, anuas ar phleanáil chun cinn agus dearadh faoinar thug an Chomhairle ar fud an Chontae i rith 2021. Tugann sé le fios tábhacht oibríochtaí na Comhairle Contae freisin maidir leis an ngeilleagar áitiúil, go háirithe i rith phaindéim Covid-19.

<b><u>Iarmhéideanna Carnacha an 31 Nollaig</u></b>		
	<b>2021</b>	<b>2020</b>
	<b>€</b>	<b>€</b>
<i>Barrachas/(Easnamh) Ioncaim</i>	(3,687,441)	(3,871,794)
<i>Barrachas/(Easnamh) Caipitil</i>	9,706,923	5,860,294
<b><i>Iomlán</i></b>	<b>6,019,482</b>	<b>1,988,500</b>

## CUNTAS IONCAIM

Cuimsítear sa chuntas seo costais laethúla na Comhairle, cosúil le cothabháil tithíochta, bóithre, pleanáil talamhúsáide, costais riaracháin agus tacaíochta, táillí iasachta a aisíoc, etc. Ullmhaítear an cuntas seo ar bhonn Seirbhíse agus Fosheirbhíse ar aon dul leis an struchtúr costála a tugadh isteach do gach Údarás Áitiúil.

Is féidir an achoimre seo a leanas a thabhairt ar an gcuntas:

	2021	2020
	€	€
<i>Ioncam</i>	184,544,182	198,977,739
<i>Caiteachas</i>	(184,359,829)	(198,783,857)
<i>Barrachas don Bhliain</i>	<b>184,353</b>	<b>193,882</b>
<i>Iarmhéid Dochair an 1 Eanáir</i>	(3,871,794)	(4,065,676)
<i>Iarmhéid Dochair an 31 Nollaig</i>	(3,687,441)	(3,871,794)

B'ionann an Leithdháileadh Cánach Maoine Áitiúla do Bhuiséad Bliantúil 2021 agus **€20,856,905** (2020 - €19,812,344). Áirítear leis seo leithdháileadh **€11,455,856** ón gCiste Comhionannaithe.

Is í an chomparáid idir an Buiséad mar ar glacadh leis agus an toradh don bhliain: -

	€
<i>Fáltais os cionn an Bhuiséid lenar glacadh</i>	25,642,359
<i>Caiteachas os cionn an Bhuiséid lenar glacadh</i>	(25,191,208)
	451,151
<i>Leithdháileadh/Rátaí CMÁ Dochair</i>	(266,798)
<i>Barrachas don Bhliain</i>	<b>184,353</b>

Cuirtear tuarascáil níos mionsonraithe ar fáil thíos ar na héagsúlachtaí idir caiteachas buiséadaithe agus ioncam ar leibhéal seirbhíse.

### Príomhthosca a d'imir tionchar ar thoradh an Chaiteachais:

- Bhí an Caiteachas ar Dheontais Tithíochta €1.23 milliún os cionn an Bhuiséid. Mar gheall go gcistíonn an Roinn 80% de Dheontais Tithíochta, tá méadú comhfhreagrach tagtha ar ioncam gaolmhar;
- Bhí an Caiteachas ar an Scéim Cóiríochta Cíosa agus an Scéim Léasaithe thart ar €635,000 níos lú ná an caiteachas buiséadaithe. Mar gheall gur tháinig laghdú

comhfhreagrach ar ioncam gaolmhar, imríonn seo tionchar neodrach ar airgeadas foriomlán na Comhairle;

- Caiteachas méadaithe ar Bhóithre, Iompar agus Sábháilteacht **€1.57** a eascraíonn as srianta Covid-19. Fuair an Chomhairle €2.56 milliún maidir leis an gcaiteachas seo agus d'eascair cailteanais in Ioncam as mar thoradh ar phaindéim Covid-19.
- Caiteachas méadaithe €756,000 ar an Oifig Fiontair Áitiúil a bhain le hoibreacha ar tugadh Cúnamh Deontais dóibh;
- Caiteachas breise €10.13 milliún maidir le Scéim Tarscaoilte Rátaí agus €1.27 milliún maidir leis an Scéim Cúnaimh do Ghnólachtaí Beaga. Mar gheall gur chistigh an Rialtas Láir na costais, imríonn seo tionchar neodrach ar airgeadas foriomlán na Comhairle;
- Bhí an caiteachas ar chostais TF €226,000 níos lú ná an caiteachas buiséadaithe;
- Bhí an caiteachas ar chostais párolla indíreacha €406,000 níos lú ná an caiteachas buiséadaithe;
- Chosain costais Phinsin agus Aiscí €616,000 níos mó ná an caiteachas buiséadaithe;

#### **Príomhthosca a d'imir tionchar ar thoradh an Ioncaim:**

- Deontais Tithíochta bhreise €0.95 milliún;
- Bhí an t-ioncam ón Scéim Cóiríochta Cíos €635,000 níos lú ná an t-ioncam buiséadaithe;
- Bhí an t-ioncam ó Charrpháirceáil €1.01 milliún níos lú ná an t-ioncam buiséadaithe. Fuarthas ioncam ón Rialtas Láir maidir le cailteanas ioncaim do charrpháirceáil a d'eascair as paindéim Covid-19.
- Deontais bhreise €837,000 ón Oifig Fiontair Áitiúil;
- Bhí an t-ioncam ó Linnte Snámha/Saoráidí Fóillíochta €770,000 níos lú ná an t-ioncam buiséadaithe; Fuarthas ioncam ón Rialtas Láir maidir le cailteanas ioncaim a d'eascair as paindéim Covid-19;
- Fuair CCME €2.56 milliún ón Rialtas Láir maidir le cailteanas ioncaim d'Earraí agus Seirbhísí agus caiteachas a bhain le Covid-19;
- Fuair CCME €10.13 milliún ón Rialtas Láir maidir leis an Scéim Tarscaoilte Rátaí agus €1.27 milliún maidir leis an Scéim Cúnaimh do Ghnólachtaí Beaga;
- Bhí an t-ioncam ón NPPR €476,000 os cionn an ioncaim buiséadaithe.

#### **Bailiúcháin Ioncaim**

Tugtar sonraí in aguisín 7.

Ar aon dul le cultúr tacaíochta gnó na Comhairle, déantar gach iarracht chun oibriú lenár gcustaiméirí i rith tréimhsí dúshlánacha agus aithnítear an rannpháirtíocht réamhghníomhach i measc thromlach ár gcustaiméirí. Lean na dúshláin mhóra airgeadais a chruthaigh Covid-19 le tionchar a imirt isteach sa bhliain 2021 agus aithnítear an tacaíocht leanúnach ón Rialtas Láir maidir le síneadh na Scéime Tarscaoilte Rátaí agus na Scéime Cúnaimh do Ghnólachtaí Beaga. Dá ainneoin sin, tá dualgas ar an gComhairle

seo fiachais a bhailiú atá ag dul di agus bhí ár rátaí bailithe seasmhach go leor, tríd is tríd, in 2021 cé gur imríodh tionchar orthu, go háirithe mar thoradh ar phaindéim Covid-19.

	<b>Iarmhéid Deiridh 2021</b>	<b>Iarmhéid Deiridh 2020</b>	<b>Méadú/Laghdú</b>	<b>Céatadán a Bailíodh</b>
<b>Rátaí</b>	€4,278,902	€4,182,624	€96,278	83.2% *
<b>Cíosanna</b>	€1,260,378	€1,090,096	€170,272	85.9%
<b>Iasachtaí</b>	€753,910	€875,843	(€121,933)	81.4%

Leanfaimid i rith 2022 ag díriú ar bhailiú fiachais agus leis an díriú sin a neartú trí obair as lámh lenár gcustaiméirí Tráchtála agus Neamhtráchtála ar bhealach réamhghníomhach ar aon dul lena n-acmhainn airgeadais. Bíonn cásanna ann, ar an drochuair, nach dtéitear i mbun bearta réasúnta le fiachais a íoc nár íocadh go fóill nó ina ndiúltaíonn custaiméirí idirchaidreamh dearfach a dhéanamh linn agus ní bhíonn aon rogha againn ach dul i mbun na mbeart uile atá ar fáil dúinn, caingean chúirte san áireamh, le dul sa tóir ar na fiachais seo.

\*Fuair an Chomhairle €10.1 milliún ó Mhaoiniú Rialtais Áitiúil maidir leis an Tarscaoileadh Rátaí Tráchtála don bhliain 2021. Cuirtear an deontas seo, atá comhionann leis an tsuim a tarscaoileadh, san áireamh in Aguisín 3. Ar mhaithe le comparáid a dhéanamh leis an mbliain roimhe seo, má cuireadh an t-ioncam san áireamh sa mhéid a bailíodh, seachas sa mhéid a tarscaoileadh nó i gcreidmheasanna, b'ionann an céatadán a bailíodh agus 88%.

### **Achoimre ar an gCuntas Ioncaim:**

Trí phleanáil chúramach airgeadais agus trí ghníomh cuí bainistíochta, sholáthair Comhairle Contae Mhaigh Eo barrachas measartha **€184,353** i rith bliain eile dheacair agus dhúshlánach. Méadaíonn seo an t-iarmhéid carnach dochair sa chúlchiste ioncaim ghinearálta aníos go dtí €3,687,441. Cé nach fios go fóill tionchar iomlán na paindéime domhanda agus tionchar iomlán an Bhreathimeachta, caithfimid leanúint ag dul i mbun na mbeart uile réasúnta in 2022 lena chinntiú go laghdaítear an t-easnamh carnach sa Chuntas Ioncaim. Ní foláir dúinn ár n-airgeadas a bhainistiú ar bhealach stuama agus dícheall a dhéanamh i gcónaí a chinntiú go soláthraítear seirbhísí bunriachtanacha agus sinn ag cloí le rialuithe diana airgeadais agus buiséadacha.

## AN CUNTAS CAIPITIL

Rinneadh an cuntas caipitil a dheighilt sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais (an Clár Comhardaithe) agus cuireadh na hiarmhéideanna ina bhfuil an cuntas caipitil san áireamh faoi theidil éagsúla sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais. Tugtar sonraí faoi idirbhearta an Chuntais Caipitil ar leibhéal Cláir agus leibhéal Grúpa Cláir in Aguisíní 5 agus 6.

Mar phrionsabal ginearálta, is féidir a lua gurb ionann caiteachas caipitiúil agus caiteachas a thabhaítear nuair a chruthaítear sócmhainn ag a bhfuil saolré níos faide ná an bhliain ina soláthraítear é, cosúil le talamh a cheannach, foirgneamh tí, móroibreacha feabhsúcháin bóithre, stáisiúin dóiteáin nua, foirgnimh oifige nua agus fheabhsaithe etc.

Seo a leanas achoimre ar na hidirbhearta sa chuntas seo anuas ar an gcomparáid leis an mbliain roimhe sin:

	2021	2020
	€	€
<i><b>Ioncam</b></i>	130,392,574	85,092,997
<i><b>Caiteachas</b></i>	(126,545,945)	(80,407,909)
<i><b>Barrachas don Bhliain</b></i>	<b>3,846,629</b>	<b>4,685,088</b>
<i><b>Iarmhéid Sochair an 1 Eanáir</b></i>	<b>5,860,294</b>	<b>1,175,206</b>
<i><b>Iarmhéid Sochair an 31 Nollaig</b></i>	<b>9,706,923</b>	<b>5,860,294</b>

Tháinig méadú ar Chaiteachas Caipitiúil sna míreanna seo a leanas:

	x €1,000
An SCC	451
Deontais Bóithre/Taisteal Gníomhach	44,614
Grúpscéimeanna Uisce	803
Turasóireacht/Glasbhealaí/Conláistí	3,015
Forbairt Gheilleagrach	1,086
Gléasra agus Innealra	651
Oifigí/Foirgnimh	491
<b>Méaduithe ar Chaiteachas Iomlán</b>	<b>51,111</b>



Tháinig laghdú ar Chaiteachas Caipitiúil sna míreanna seo a leanas:

	<i>x €1,000</i>
Tógáil Tithíochta	4,061
Éadálacha Tithíochta	368
Talamh Forbartha	1,206
Céanna/Calafóirt	289
<b>Laghduithe ar Chaiteachas Iomlán</b>	<b>5,924</b>

Thug an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail (an DRCD) faoi iniúchadh in 2020 ar chúig cinn de thionscadail ORIS 2018. Tharraing Comhairle Contae Mhaigh Eo €1.05 milliún anuas maidir leis na tionscadail seo agus dheimhnigh an DRCD nár cuireadh i gcrích an chuid ba mhó díobh nó, i gcás dhá thionscadal, nár tosaíodh iad. Scríobh an Roinn chuig Comhairle Contae Mhaigh Eo i mí na Nollag 2020 le hiad a chur ar an eolas ar a torthaí agus leis an deis a thabhairt freagra a thabhairt don DRCD sula ndéanfaí an cinntiúchán deiridh.

Thug Comhairle Contae Mhaigh Eo freagra don Roinn in Eanáir 2021 a d'aithin torthaí an iniúchta agus a d'aithin gur tarraingíodh cistiú anuas i gcásanna áirithe sular cuireadh na hoibreacha go hiomlán i gcrích. D'aithin an Chomhairle nár cheart dó seo tarlú. D'aithin Comhairle Contae Mhaigh Eo chomh maith nach ndearna an soláthar an dul chun cinn a raibh súil leis ag tráth an iarratais, i gcás roinnt de na tionscadail níos mó.

Rinne an Roinn cinntiúchán deiridh faoi dheich dtionscadal ar luach iomlán €2,167,643 i Samhain 2021 a tháinig salach ar théarmaí agus ar choinníollacha an chistithe. Dheimhnigh an Roinn an méid seo a leanas as na deich dtionscadal:

- Is féidir 5.5 tionscadal ar luach iomlán €1,076,000 a thabhairt chun cinn lena gcríochnú, ach 15% den chiste deontais a cheadú (i.e. €161,400). Aontaíodh le hamlíne chun na 5.5 tionscadal a chríochnú leis an Roinn.
- Chuirfí deireadh le comhaontuithe a bhaineann leis an bhfuílleach 4.5 tionscadal, dídhílsíodh an cistiú agus d'aisíoc an Chomhairle €1,091,643 leis an Roinn. Chuir an Roinn in iúl ina comhfhreagras nach gcuireann an deireadh a cuireadh le comhaontuithe cistithe cosc orthu seo nó ar thograí gaolmhara tionscadail a sheoladh ar aghaidh amach anseo go ndéanfar breithniú orthu faoi ghlaonna ar chistiú amach anseo.

Ceann de na príomhthorthaí ón iniúchadh agus ón bpróiseas athbhreithnithe ina dhiaidh sin faoinar thug Comhairle Contae Mhaigh Eo a bhí i míchódú an chaiteachais chuig cóid chaipitiúla i measc dheich dtionscadal ORIS. Is tábhachtach a thabhairt le fios gur bhain 100% den chaiteachas seo le Gréasáin Ghlasbhealaigh, le costais ghaolmhara phárolla agus taistil agus le Tionscadail Turasoireachta a fhorbairt agus a chur chun cinn.

Ábhar aiféala é nár bhain an tÚdarás Áitiúil an caighdeán oibriúcháin amach sna cásanna seo a mheasaimid atá riachtanach agus a dhéanaimid dícheall a bhaint amach.

Tá Comhairle Contae Mhaigh Eo, mar eagraíocht, go hiomlán tiomanta do dhul i ngleic le gach ceann de na saincheistanna a tháinig chun solais agus tá sí go mór chun cinn i dtaobh gach rud a chur i bhfeidhm a theastaíonn le cosc a chur ar a leithéid de chás teacht chun solais athuair amach anseo. Tá súil leis go dtabharfaidh na gníomhartha cuimsitheacha faoinar tugadh agus atá ar na bacáin an dearbhú riachtanach do na Comhaltaí go bhfuiltear ag dul i ngleic agus go rachfar i ngleic go hiomlán le gach saincheist agus go bhfuil ár gcórais agus ár nósanna imeachta daingean a dhóthain chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais amach anseo. Leanfaimid ag oibriú go réamhghníomhach leis an Roinn lena n-iontaoibh as Comhairle Contae Mhaigh Eo a neartú agus a chothú athuair go soláthróidh an Chomhairle gach tionscadal i gcomhréir le téarmaí agus coinníollacha na scéimeanna ábhartha.

Cé gur tugadh faoi go leor gníomhartha nó go bhfuil siad ar bun, aithnítear gur próiseas leanúnach é seo, go mór mór, agus go bhfuil obair le tabhairt chun críche go fóill.

### **Fiachas Caipitil**

Ba é Fiachas Caipitil na Comhairle an 31 Nollaig 2021 €121,659,096. B'ionann aisíocaíochtaí iasachtaí in 2021 agus €7,889,740. Tharraing an Chomhairle €1,491,668 d'iasachtaí breise anuas agus d'fhuascail sí luach €497,389 d'iasachtaí i rith 2021. Bhain na hiasachtaí seo le Scéim Iasachta Tithíochta Atógáil Éireann.

As an bhfiachas iomlán **€121.7 milliún**, baineann thart ar **€32.7 milliún** d'iasachtaí na Comhairle le suimeanna a fuarthas ar iasacht le hiasachtaí a chistiú a eisíodh do chustaiméirí tithíochta, agus baineann suim bhreise **€0.7 milliún** le gnáthscair na Comhairle in iasachtaí a eisíodh faoin Scéim Úinéireachta Roinnte. Cuirtear suim chomhfhreagrach san áireamh i bhféichiúnaithe arb ionann í agus an phríomhshuim iomlán atá le híoc go fóill ar iasachtaí a eisíodh do chustaiméirí sa mhullach ar chaipiteal ar cíos atá le híoc go fóill ar iasachtaí úinéireachta roinnte. Baineann suim bhreise **€24.2 milliún** d'fiachas na Comhairle le suimeanna a fuarthas ar iasacht do thithíocht Dheonach, Uisce agus seirbhísí eile, a chistíonn an DHPLG. Baineann suim bhreise **€4.0 milliún** le suimeanna a fuarthas ar iasacht ar féidir iad a fhorchúiteamh ó Údaráis Áitiúla eile agus baineann **€0.4 milliún** den fhiachas le hoifigí a soláthraíodh do Bhonneagar Iompair Éireann (BIÉ) agus don Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (an GCC), dá n-íoctar ioncam cíosa leis an gComhairle. Is ionann iarmhéid na suimeanna a fuarthas ar iasacht (**€59.7 milliún**) agus caiteachas ar earraí cosúil le Láithreáin Líonta Talún, talamh a cheannach, Glasbhealach agus conláistí, oifigí agus foirgnimh dá gcuirtear sruth ioncaim ar fáil.

## CONCLÚID

Bliain eile dhúshlánach i dtaobh Ráitis Airgeadais Bhliantúla 2021 a bhí ann faoin tráth a bhí deireadh na bliana ag teannadh linn. Bhí seasamh cobhsaí airgeadais den chuid ba mhó bainte amach ag an gComhairle an 31 Nollaig 2021 d'ainneoin na ndúshlán mór airgeadais a bhí roimh an gComhairle le blianta beaga anuas agus go háirithe agus paindéim reatha Covid-19 inár measc.

Ba é easnamh carnach na Comhairle sa Chuntas Ioncaim, faoi mar a leagtar amach sa Chúlchiste Ioncaim Ghinearálta an 31 Nollaig 2021 **€3,687,441**. Is tábhachtach go laghdaítear agus go gcuirtear deireadh leis an t-easnamh seo sna blianta amach romhainn agus go gcuirtear seo san áireamh nuair a dhéanfar an Buiséad don bhliain 2023 agus do bhlianta amach anseo a chur le chéile. Leanfaimid le monatóireacht dhlúth a dhéanamh ar Chaiteachas agus ar Ioncam na Comhairle le staid airgeadais na Comhairle a chothú agus a fheabhsú. Ba é iarmhéid carnach sochair na Comhairle an 31 Nollaig 2021 **€9,706,923**.

Chruthaigh paindéim Covid-19 dúshlán mhóra airgeadais nár tháinig a macasamhail aníos riamh roimhe seo, agus leanaimid ag oibriú i dtréimhse éiginnteachta agus shuaite de réir mar a thugaimid ár gcosa linn as an bpaindéim dhomhanda. Fuaireamar tacaíocht mhór ón Rialtas in 2021 i bhfoirm tarscaoileadh rátaí tráchtála naoi mí agus tarscaoileadh airgeadais maidir le cailteanas ioncaim agus costais Covid-19 agus aithnímid agus táimid buíoch, mar Chomhairle, den chúnamh seo a bhfuil géarghá leis. Leanfaidh an tionchar airgeadais idir an meántearma agus an fadtearma a imreoidh Covid-19 a bheith trom. Ní féidir an tionchar fadtéarmach ar ioncam agus, dá réir sin, ar chaiteachas don bhliain 2022 a mheas go hiomlán ag an tráth seo de réir mar a thugann gnólachtaí agus an geilleagar a gcosa leo as an ngéarchéim.

Ba mhaith liom an cúnamh agus an tacaíocht a thug an Cathaoirleach agus Comhaltaí na Comhairle a aithint de bharr a spéise, a rannpháirtíochta agus a dtacaíochta leanúnaí i gcaitheamh na bliana. Anuas air sin, ba mhaith liom buíochas a chur in iúl chomh maith don Phríomhfheidhmeannach, Kevin Kelly agus do mo chomhghleacaithe san Fhoireann Bainistíochta agus don fhoireann go léir atá bainteach le rialú buiséadach ar fud na Comhairle, as an tacaíocht, an díograis agus an athléimneacht a léirigh siad san iomaí tasc dúshlánach a leagadh orthu.

Níorbh fhéidir na Ráitis Airgeadais Bhliantúla a chur i gcrích ach a bhúí le hobair dhian agus tiomantas na foirne sa Rannóg Airgeadais, ach go háirithe, Olivia Heffernan, Uasal, Cuntasóir Airgeadais agus Tracey Flanagan, Uasal, Cuntasóir Bainistíochta, a d'oibrigh go dian dícheallach leis na cuntais a chur i gcrích i leith amscála dian, agus iad ag leanúint i gcomhthráth le sraith ardchaighdeáin Ráitis Airgeadais a chur le chéile. Gabhaim mo bhuíochas leis an bhfoireann go léir sa Rannóg Airgeadais agus ar fud na heagraíochta as a dtiomantas agus a dtacaíocht i gcaitheamh na bliana.


  
Peter Duggan  
**STIÚRTHÓIR AIRGEADAIS**

# Mayo County Council

## Deimhniú an Phríomhfheidhmeannaigh & an Chinn Airgeadais don bhliain dar críoch

31 Nollaig 2021

- 1.1 Táimidne, an Príomhfheidhmeannach agus an Ceann Airgeadais, freagrach as ráiteas bliantúil airgeadais a ullmhú de réir an chóid chleachtais cuntasaiochta a d'eisigh an tAire faoi alt 107 den Acht Rialtais Áitiúil, 2001
- 1.2 Táimid freagrach as leabhair chearta cuntais a choimeád a nochtann, le cruinneas réasúnta, staid airgeadais an údarais áitiúil agus a chumasaíonn dó a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais na riachtanais reachtúla.
- 1.3 Táimid freagrach as sócmhainní an údarais áitiúil a chosaint agus as bearta réasúnta a dhéanamh chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.
- 1.4 Seo na rudai a rinneamar agus na ráitis airgeadais a n-ullmhú:
- luamar gur ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir an Chóid Chleachtais Cuntasaiochta agus gur cuireadh na beartais chuntasaiochta i bhfeidhm ar shlí chomhsheasmhach; agus,
  - rinneamar breithiúnais agus meastacháin a bhí réasúnta agus stuama;
- 1.5 Deimhnímid go bhfuil na ráitis airgeadais de chuid Mayo County Council don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2021, de réir mar atá leagtha amach ar leathanaigh 8 go 21, ar aon dul leis na leabhair chuntas agus gur ullmhaíodh iad i gcomhréir leis na riachtanais chuntasaiochta mar a threoraigh an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta.

  
Príomhfheidhmeannach

  
Ceann Airgeadais

Dáta 31<sup>st</sup> Nollaig 2022

Dáta 30. Nollaig 2022

## **Tuairim an Iníúcháir Neamhspleách do Bhaill Chomhairle Contae Mhaigh Eo**

Rinne mé iniúchadh ar ráiteas airgeadais bliantúil Chomhairle Contae Mhaigh Eo don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2021 mar atá leagtha amach ar leathanaigh 5 go 21, a chuimsíonn an Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta, an Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach, an Ráiteas ar an Staid Airgeadais, an Ráiteas faoi Shreabhadh Cistí agus nótaí chuig agus mar chuid de na cuntais. Is é an creat tuairiscithe airgeadais a cuireadh i bhfeidhm agus é á ullmhú ná an Cód Cleachtais agus na Rialacháin Chuntasaíochta mar atá forordaithe ag an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta.

### **Freagrachtaí na Comhairle agus an Iníúcháir Rialtais Áitiúil**

Tá an Chomhairle, de réir Alt 107 den Acht Rialtais Áitiúil, 2001, freagrach as gach taifead cuntasaíochta a chothabháil lena n-áirítear an Ráiteas Airgeadais Bliantúil a ullmhú. Is é mo fhreagracht, bunaithe ar m'iniúchadh, tuairim neamhspleách a chruthú ar an ráiteas agus mo thuairim a thuairisciú duit.

### **Scóip an iniúchta ar an ráiteas airgeadais**

Rinne mé m'iniúchadh de réir an Chóid um Chleachtas Iniúcháireachta, mar a fhorordaítear faoi Alt 117 den Acht Rialtais Áitiúil, 2001. Cuimsíonn iniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, ar fhianaise a bhaineann leis na méideanna agus na nochtuithe sa ráiteas airgeadais bliantúil. Cuimsíonn sé measúnú freisin ar na meastacháin agus na breithiúnais shuntasacha a rinneadh agus an ráiteas airgeadais á ullmhú, agus cíbe an bhfuil na beartais chuntasaíochta oiriúnach do chúinsí na Comhairle, curtha i bhfeidhm go comhsheasmhach agus nochtaithe go leordhóthanach.

Phleanáil agus rinne mé m'iniúchadh d'fhonn an t-eolas agus na mínithe go léir a fháil a mheas mé a bheith riachtanach d'fhonn fianaise leordhóthanach a sholáthar chun dearbhú réasúnach a thabhairt go bhfuil an ráiteas airgeadais bliantúil saor ó mhíríteas ábhartha, cíbe acu calaois nó earráid ba chúis leis.

### **Tuairim ar an ráiteas airgeadais**

Is é mo thuairim go gcuireann an ráiteas airgeadais bliantúil, a ullmhaíodh de réir an Chóid Cleachtais agus na Rialachán Cuntasaíochta d'údaráis áitiúla, staid airgeadais Chomhairle Contae Mhaigh Eo i láthair go cothrom an 31 Nollaig 2021 agus a hioncam agus a caiteachas don bhliain dár críoch ansin.

### **Tuarascáil Iniúchta Reachtúil**

D'ullmhaigh mé tuarascáil iniúchta ghaolmhar freisin dá bhforáiltear in Alt 120(1)(c) den Acht Rialtais Áitiúil, 2001.

*Raymond Lavin*

**Príomh-Iniúcháir**  
**28.10.2022**



# RÁITEAS FAOI BHEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA

## 1. Ginearálta

Ullmhaíodh na cuntais i gcomhréir leis an gCód Cleachtais Cuntasaíochta (ACoP) maidir le cuntasaíocht údarás áitiúil arna athbheithniú ag an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht (RTRÁO) amhail an 31 Nollaig 2021. Ní mór neamh-chomhlíonadh beartas cuntasaíochta mar atá leagtha amach in ACoP a lua sna Beartais agus sna Nótaí do na Cuntais.

## 2. Ráiteas Faoi Shreabhadh Cistí (Cistí Ráiteas Faoi Shreabhadh )

Tugadh Ráiteas ar Shreabhadh Cistí isteach mar chuid de AFS 2011. Cé gur leanadh treoir Chaighdeán 7 de chuid Cuntasaíocht Idirnáisiúnta maidir le Ráiteas ar Shreabhadh Airgid, tá gnó na n-údarás áitiúil an-éagsúil le gnó fhormhór na n-eagraíochtaí san earnáil phríobháideach agus, dá bhrí sin, aontaíodh roinnt mionathruithe ar an bhformáid chun a áirithiú go mbeidh na sonraí atá ar taispeáint fóinteach agus úsáideach laistigh d'earnáil an rialtais áitiúil. Ar an ábhar sin tá an ráiteas á dá dtagraítear mar 'Ráiteas faoi Shreabhadh Cistí'. Áirítear ar na cuntais airgeadais anois Ráiteas faoi Shreabhadh Cistí thaispeántar tar éis an Ráiteas Staid Airgeadais (Clár Comhardaithe). Nótaí 17-22 bhaineann le Ráiteas faoi Shreabhadh Cistí agus léirítear iad sna Nótaí ar an agus mar chuid de na rannóg Cuntais an AFS. Tabhair faoi deara / Tionscadal Neamh / iarmhéideanna 19 Sonraí Tionscadail Inacmhainne / Deonacha, is féidir a bheith ina dochair nó iarmhéid sochair. Glacann an sreabhadh cistí go bhfuil na hiarmhéideanna dochair agus bunanna an

## 3. Fabhrúithe

Ullmhaíodh na cuntais airgid agus caipitil ar bhonn fabhrúithe de réir an Chóid Cleachtais seachas fíneálacha páirceála, táillí dóiteáin, NPPR agus tobhaigh forbartha roimh 2004 a dtugtar cuntas orthu ar bhonn airgid thirim.

## 4. Muirir Úis

Is féidir iasachtaí atá le híoc a chur i dhá chatagóir ar leith:

- Iasachtaí lena mbaineann morgáiste
- Iasachtaí nach mbaineann morgáiste leo

### 4.1 Iasachtaí lena mbaineann Morgáiste

Tá sruth ioncain chomhfhreagartha ag iasachtaí lena mbaineann morgáiste ó réamhíocaíochtaí fadtréimhseacha (.i. airgead tugtha ar iasacht ag an údarás áitiúil d'iasachtaithe), d'fhonn tithe a cheannach. Níl ach an ghné úis a ghearrtar nó chun sochair an Ráitis Ioncain Cuimsitheach (Ráiteas Ioncain agus Caiteachais).

### 4.2 Iasachtaí nach mbaineann Morgáiste leo

Leagann Nóta 7 leis na cuntais amach na cineálacha iasachta faoin gceannteideal sin. Ní bheidh sruth ioncain comhfhreagrach ann i gcás iasachtaí maidir le sócmhainní/deontais, maoiniú ioncain. Beidh maoiniú idirlinne mar chuid de mhaoiniú buan de réir a chéile. Beidh luach comhfhreagrach ag iasachtaí maidir leis na cinnteidil eile i Nóta 3.

## 5. Pinsin

Gearrtar íocaíochtaí maidir le pinsin agus aiscí ar an gcuntas ioncain sa tréimhse chuntasaíochta ina ndéantar na híocaíochtaí. Áirítear ar chostas na dtuarastal agus na bpánna sna cuntais asbhaintí i dtaca le sochair ranníocaíochtaí pinsin (lena n-áirítear Windows agus Orphans) faoi Scéim Aoisliúntais an Rialtais Áitiúil agus faoin Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair. Cuireadh tús leis an Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair ("Scéim Aonair") le héifeacht ón 1 Eanáir 2013. Leanann na húdarás áitiúla le ranníocaíochtaí na bhfostaithe don Scéim Aonair a asbhaint ach déantar iad a sheoladh chuig an DPÉR.

## 6. Gníomhaireacht agus Seirbhísí Eile

Déantar Caiteachas ar sheirbhísí a chuirtear ar fáil nó a dhéantar ar son údarás áitiúla eile a aisghabháil ar chostas nó i ndáil le socruithe ar leith.

## 7. Foráil do Dhrochfhiacha & Fiacha Amhrasacha

Rinneadh/Ní dhearnadh foráil sna cuntais chúí do dhrochfhiacha & fiacha amhrasacha.

## 8. Sócmhainní Seasta

### 8.1 Catagóirí Sócmhainní

Cuirtear sócmhainní seasta i gcatagóirí mar atá leagtha amach sa Ráiteas um Staid Airgeadais (Clár Comhardaithe). Tá briseadh síos breise de réir cineál sócmhainne leagtha amach i nóta 1 leis na cuntais.

### 8.2 Aitheantas

Déantar caiteachas ar cheannach nó tógáil sócmhainní seasta a chaipitiliú ar bhonn fabhrúithe.

### 8.3 Tomhas

Ráiteas Staid Airgeadais (Clár Comhardaithe) ann a bhfuil na sócmhainní an údaráis áitiúil san áireamh den chéad uair sa Ráiteas Airgeadais Bliantúil do 2003. Rinneadh na sócmhainní a luacháil bunaithe ar an 'Treoirlíne Luachála' arna heisiúint ag an DHPLG. Áiríodh na sócmhainní uile a ceannaíodh nó a tógadh ón 1/1/2004 ag an gcostas stairiúil. Tá beartais chuntasaíochta a bhaineann le léasanna á bhforbairt faoi láthair agus léireofar iad sna ráitis airgeadais ag dáta sa todhchaí.

### 8.4 Athluacháil

Faoi mar atá leagtha amach in athbhreithniú ar an gCód Cleachtais Chuntasaíochta, tá sé de bheartas sócmhainní seasta a thaispeáint ag costas. Níl costais chothabhála agus a fheabhsú a bhaineann le sócmhainní bonneagair san áireamh faoi láthair i sócmhainní seasta, ach déanfar athbhreithniú ag dáta sa todhchaí. Mar gheall ar a staid fhisiceach, tá formhór mór na sócmhainní ar leith d'údaráis áitiúla agus níl siad faoi réir diúscartha. Tugtar cuntas ag tráth na diúscartha ar aon chaillteanas nó ghnóthachan a bhaineann le glanluach inréadaithe na sócmhainní ginearálta eile atá faoi réir diúscartha.

### 8.5 Diúscairte

I ndáil le sócmhainní indíscartha, cuirtear ioncam le cúlchiste ar leith agus go ginearálta úsáidtear é le sócmhainní nua a cheannach. Beidh fáiltas as díol tithe údaráis áitiúil le cur i bhfeidhm faoi mar a threoríodh an RTRÁO.

### 8.6 Dímheas

Faoin modh cuntasíochta reatha is é an muirear dímheasa a fhritháireamh ag an amúchadh ar fhoinsé maoinithe na sócmhainne. Tá tionchar neodrach ar loncain agus Caiteachais dá bharr sin an muirear dímheasa an modh seo agus tá airgead comhfhreagrach ó amúchadh as an áireamh ón Ráiteas Loncain Cuimsitheach (Ráiteas Loncain agus Caiteachais).

Seo a leanas na beartais a chuirtear i bhfeidhm ar shócmhainní atá subject to do dhímheas:

Cineál Sócmhainne	Boinn	Dímheas (%) P.A
Gléasra & Meaisínre		
- Saol Fada	S/G	10%
- Saol Gearr	S/G	20%
Trealamh	S/G	20%
Troscán	S/G	20%
Sócmhainní Oidhreacht		Neamhní
Leabhair ón Leabharlann		Neamhní
Spraol-pháirceanna	S/G	20%
Páirceanna	S/G	2%
Líonta Talún (* Féach nóta)		
<b>Sócmhainní Uisce</b>		
- Scéimeanna uisce	S/G	Fadsaoil Sócmhainne sa bhreis ar 70 bliain
- Scéimeanna draenála	S/G	Fadsaoil Sócmhainne sa bhreis ar 50 bliain

Ní ghearrann an Chomhairle dímheas ar bith i mbliain na diúscartha agus gearrfaidh siad bliain iomlán dímheasa sa bhliain ina ogeannaítear iad.

**\*Áiríodh luach na súiomh líonta talún i nóta 1 faoi thalamh. Is ionann an dímheas agus ídiú na sócmhainne líonta talún.**

## 9. Deontais Rialtais

Deontais Rialtais Coinnítear cuntas ar bhonn fabhráithe. Déantar deontais a oibríochtaí ó lá go lá chun sochair an Ráitis Ioncaim Cuimsitheach (Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais). Léirítear deontais a fhaightear, a bhaineann le tógáil sócmhainní, mar chuid den ioncam a bhaineann le hObair atá ar siúl. Nuair a thugtar an tionscnamh chun críche aistrítear an t-ioncam chuig cuntas caipitilithe.

## 10. Feichiúnaithe Forbartha agus a n-Ioncam

Áirítear feichiúnaithe um thobhach forbartha gearthéarmaí i nóta 5. Tá ioncam ó ranníocaíochtaí forbartha nach bhfuil le híoc laistigh den bhliain reatha curtha siar agus níl siad léirithe astu féin sna ráitis airgeadais.

## 11. Fuascailt Fiach

Cuirtear na fáiltas ó luathfhuascailt iasachtaí ó iasachtaithe i bhfeidhm ar luathfhuascailt iasachtaí a bhaineann le morgáistí ón nGníomhaireacht um Airgeadais Tithíochta agus Oifig na nOibreacha Poiblí.

## 12. Scéimeanna Léasa

Déantar íocaíochtaí cíosa faoi léasanna oibríúcháin ar an Ráiteas Ioncaim Cuimsitheach (Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais). Sócmhainní a fhaightear faoi léas airgeadais sna sócmhainní seasta. Taispeántar an méid dlite ar iarmhéideanna neamhíochta faoi dhliteanas reatha agus creidiúnaithe fadtéarmacha.

## 13. Stoc

Déantar stoic a luacháil ar bhonn méanchostais.

## 14. Obair atá ar siúl & Réamhchaiteachas

Is costas stairiúil charntha ar thionscadail éagsúla a bhaineann le caipitil atá san obair atá ar siúl agus réamhchaiteachas. Is é an t-ioncam fabhráithe maidir leis na tionscadail seo sa Ráiteas Staid Airgeadais (Clár Comhardaithe) mar 'Ioncam WIP'.

## 15. Ús i gCuideachtaí Údaráis Áitiúil

Tá an t-ús de Mayo County Councili gcuideachtaí atá liostaithe in Aguisín 8.

## 16. Páirtithe Gaolmhara

Aistriú acmhainní, seirbhísí nó oibleagáidí idir an t-údarás áitiúil agus páirtí gaolmhar is ea idirbheart páirtí. Áirítear iad seo a leanas leis na príomhpháirtithe gaolmhara d'údarás áitiúil:

- i. An Lucht Bainistíochta agus an Pearsanra
- ii. Baill na Comhairle
- iii. Ranna Rialtais
- iv. Cuideachtaí Údaráis Áitiúil

Tá baill chomhairle agus príomhphearsanra na nÚdarás Áitiúil faoi cheangal le hait ábhartha den Acht Rialtais Áitiúil 2001 agus reachtaíocht a leasaíodh ina dhiaidh sin chun:

- a. dearbhú bliantúil um "leasanna is gá a fhógairt" a chur ar fáil arna leagan amach in alt 175 den Acht;
- b. leasanna tairbhíúla ar bith atá acu nó ag duine ar bith a bhaineann leo a nochtadh faoi ailt 167, 178 agus 179; agus
- c. cloí le cód iompair a d'eisigh an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht faoi alt 169 den Acht Rialtais Áitiúil 2001 in 2004.

Cumhdaítear faoi "Leasanna is gá a fhógairt" leasanna airgeadais agus leasanna áirithe eile amhail talamh etc.

Is í an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht a chinneann tuarastail agus luachanna saothair do lucht bainistíochta agus do phearsanra na n-údarás áitiúil ar aon dul le beartas rialtais lárnaigh maidir le rátaí pá.

Tá leasanna na nÚdarás Áitiúil i gcuideachtaí agus i gcomhfhiontair léirithe in Aguisín 8 a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais Bhliantúla.

Tá idirbhearta Údarás Áitiúil le ranna rialtais rialaithe le rialuithe agus nósanna imeachta arna spreagadh ag rialacha cuntasíochta rialtais.

## RÁITEAS AR IONCAM CUIMSITHEACH (RÁITEAS CUNTAIS AR IONCAM & CAITEACHAIS) DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2021

Tugann an Ráiteas Cuntas Ioncaim agus Caiteachais le chéile gach ioncam agus caiteachas a bhaineann.

Taispeánann sé an barrachas/(easnamh) don bhliain. Aistrithe ó/chuig cúlchistí thaispeáint ar leithligh agus ní leithdháil roinn seirbhíse.

Nóta 16 aistrithe leithdháileann trí rannóg seirbhíse san fhormáid chéanna Tábla A den bhuiséad Údaráis arna nglacadh Áitiúil.

### Caiteachas de réir Rannáin

Nótaí	Ollchaiteachas	Ioncam	Glanchaiteachas	Glanchaiteachas
	2021 €	2021 €	2021 €	2020 €
Tithíocht & Tógáil	22,346,394	20,238,645	2,107,749	832,543
Sábháilteacht & Iompar de Bhóthair	52,828,451	40,278,598	12,549,853	11,223,887
Seirbhísí Uisce	19,462,474	19,396,650	65,824	46,930
Bainistíocht Forbartha	16,213,556	7,614,097	8,599,459	7,659,821
Seirbhísí Comhshaoil	17,789,560	6,076,823	11,712,737	11,599,272
Áineas & Taitneamhacht	11,107,263	3,492,669	7,614,594	8,070,102
Talmhaíocht, Oideachas, Sláinte & Leas	1,551,444	717,184	834,260	767,082
Seirbhísí Ilghnéitheacha	26,179,370	25,767,032	412,338	2,270,299
<b>Ioncam/Caiteachas Iomlán</b>	<b>167,478,511</b>	<b>123,581,698</b>		
<b>Glanchoistas na Rannán a mhaoineofar as Rátaí &amp; Cáin Mhaoine Áitiúil</b>			<b>43,896,813</b>	42,469,936
Rátaí			34,518,132	34,542,787
Cáin Mhaoine Áitiúil			20,856,905	19,812,342
<b>Barrachas/(Easnamh) don Bhliain roimh Aistrithe</b>			<b>11,478,224</b>	11,885,193
<b>Aistrithe chuig/(ó) Chúlchistí</b>			(11,293,870)	(11,691,311)
<b>Barrachas/(Easnamh) Iomlán don Bhliain</b>			<b>184,353</b>	193,882
<b>Cúlchiste Ginearálta @ 1ú Eanáir 2021</b>			(3,871,794)	(4,065,676)
<b>Cúlchiste Ginearálta @ 31ú Nollaig 2021</b>			<b>(3,687,441)</b>	(3,871,794)

## RÁITEAS AR SHEASAMH AIRGEADAIS (CLÁR COMHARDAITHE) AG 31 NOLLAIG 2021

	Nótaí	2021 €	2020 €
<b>Sócmhainní Seasta</b>	1		
Feidhmiúil		484,884,040	473,241,217
Infrastruchtúrach		2,990,650,459	2,988,377,438
Pobal		10,370,064	10,580,724
Neamhfheidhmiúil		57,567,004	58,243,748
		<b>3,543,471,567</b>	<b>3,530,443,127</b>
<b>Obair atá ar siúl agus Réamhchostais</b>	2	186,874,133	112,396,825
<b>Féichiúnaithe Fádtréimhseacha</b>	3	55,522,872	58,251,674
<b>Sócmhainní Reatha</b>			
Stoic	4	344,184	350,943
Féichiúnaithe Trádála & Réamhíocaíochtaí	5	23,368,284	25,869,337
Infheistíochtaí Bainc		49,141,160	27,227,485
Airgead sa Bhanc		4,520,422	14,215,815
Airgead Tirim faoi Bhealach		105,057	127,522
		<b>77,479,107</b>	<b>67,791,101</b>
<b>Dlíteanais Reatha (Méideanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin)</b>			
Rótharraingt Bhainc		-	-
Féichiúnaithe & Fabhruithe	6	68,393,241	63,555,267
Léasanna Airgeadais		398,685	486,439
		<b>68,791,927</b>	<b>64,041,705</b>
<b>Glansócmhainní Reatha / (Dlíteanais)</b>		<b>8,687,181</b>	<b>3,749,396</b>
<b>Creidiúnaithe (Méideanna a bheidh dlite tar éis bliain amháin)</b>			
Iasachtaí le hÍoc	7	114,009,096	120,704,558
Léasanna Airgeadais		701,623	1,100,309
Taiscí Inaisíochta	8	7,372,975	6,606,615
Eile		1,722,435	1,373,639
		<b>123,806,130</b>	<b>129,785,121</b>
<b>Glansócmhainní</b>		<b>3,670,749,623</b>	<b>3,575,055,902</b>
<b>Léirithe ag</b>			
Cuntas Caipitlíthe	9	3,543,471,567	3,530,443,127
Ioncam d'obair atá ar siúl	2	183,141,925	108,280,855
Cúlchiste Ioncaim Ginearálta		(3,687,441)	(3,871,794)
Cúlchistí Sonracha Eile		-	-
Iarmhéideanna eile	10	(52,176,429)	(59,796,286)
<b>Cúlchistí Iomlána</b>		<b>3,670,749,623</b>	<b>3,575,055,902</b>



**RÁITEAS FAOI SHREABHADH CISTÍ (CISTÍ RÁITEAS FAOI SHREABHADH)  
AMHAIL AN 31 NOLLAIG 2021**

	Nóta	2021 €	2021 €
<b>GNÍOMHAÍOCHTAÍ IONCAIM</b>			
Insreabhadh Glan/(eis-sreabhadh glan) ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin	17		7,530,139
<b>GNÍOMHAÍOCHTAÍ CAIPITIL</b>			
<b>Torthaí ar Infheistíocht &amp; Fónadh ar Airgeadas</b>			
Méadú/(Laghdú) i Maoiniú Caipitilthe Sócmhainní Seasta		13,028,440	
Méadú/(Laghdú) i Maoiniú WIP/Réamh-mhaoiniú		74,861,071	
Méadú/(Laghdú) in Iarmhéideanna Cúlchiste	18	<u>1,360,367</u>	
<b>Insreabhadh Glan/(Eis-sreabhadh Glan) ó Torthaí ar Infheistíocht agus Fónadh ar Airgeadas</b>			<b>89,249,878</b>
<b>Caiteachas Caipitil &amp; Infheistíocht Airgeadais</b>			
(Méadú)/Laghdú i Sócmhainní Seasta		(13,028,440)	
(Méadú)/Laghdú i Maoiniú WIP/Réamh-mhaoiniú		(74,477,308)	
(Méadú)/Laghdú in Iarmhéideanna Caipitil Eile	19	<u>2,102,498</u>	
<b>Insreabhadh Glan/(Eis-sreabhadh Glan) ó Chaiteachas Caipitil agus Infheistíocht Airgeadais</b>			<b>(85,403,249)</b>
<b>Maoiniú</b>			
Méadú/(Laghdú) i Maoiniú Iasachta	20	(4,104,302)	
(Méadú)/Laghdú i Maoiniú Cúlchiste	21	<u>4,156,991</u>	
<b>Insreabhadh Glan/(eis-sreabhadh glan) ó Ghníomhaíochtaí Airgeadais</b>			<b>52,690</b>
<b>Gabháltas Tríú Páirtí</b>			
Méadú/(Laghdú) i dTaiscíl Inaisíoctha			<b>766,360</b>
Méadú Glan/(Laghdú Glan) in Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid	22		<u><u>12,195,817</u></u>

## NÓTAÍ FAOI AGUS MAR CHUID DE NA CUNTAIS

### 1. Sócmhainní Seasta

	Talamh	Páirceanna	Tithíocht	Foirgnimh	Gléasra & Meaisínre (Saol Fada & Saol Gearr)	Riomhairí, Troscán & Trealamh	Oidhreacht	Bóithre agus Bonneagar	Gréasán Uisce & Séarachais	Iomlán
	€	€	€	€	€	€	€	€	€	€
<b>Costais</b>										
Costais Charntha @ 1/1/2021	153,644,181	7,541,623	256,394,657	186,500,683	16,539,436	4,168,633	2,735,959	2,925,258,266	-	3,552,783,438
<b>Rudaí Breise</b>										
- Ceannaithe	103,500	-	3,976,500	2,522,000	368,686	88,078	34,000	-	-	7,092,764
- Aistrithe WIP	49,979	92,169	6,337,675	470,400	-	60,000	-	2,280,710	-	9,290,933
Diúscairtí \Aistrithe Reachtúla	(884,477)	-	(997,469)	-	(1,605,035)	-	(229,483)	-	-	(3,716,464)
Athluacháil	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-
Coigeartuithe Costais Stairiúla	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-
<b>Costais Charntha @ 31/12/2021</b>	<b>152,913,183</b>	<b>7,633,792</b>	<b>265,711,363</b>	<b>189,493,083</b>	<b>15,303,087</b>	<b>4,316,710</b>	<b>2,540,476</b>	<b>2,927,538,977</b>	<b>-</b>	<b>3,565,450,670</b>
<b>Dímheas</b>										
Dímheas @ 1/1/2021	2,939,527	2,483,262	-	1,107,914	12,323,619	3,485,988	-	-	-	22,340,310
